An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
School
of History

# Comórtas stair na hÉireann 'Deich mBliana na gCuimhneachán' do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna 2020

## 1. Deich mBliana na gCuimhneachán

Rangaítear na deich mbliana 2012-2022 mar 'Deich mBliana na gCuimhneachán' mar chomóradh ar chothrom céad bliain ó tharla roinnt eachtraí agus forbairtí tábhachtacha stairiúla sa tréimhse 1912-1922, agus a raibh ról ríthábhachtach acu maidir le hÉire an lae inniu a chruthú. Mar chuid de chomóradh an 'Deich mBliana na gCuimhneachán', tugtar cuireadh do scoileanna agus do mhic léinn ag gach leibhéal i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna ar fud na hÉireann, iarratas a dhéanamh i rith na scoilbhliana 2019-20 ar an gcomórtas staire do scoileanna. Tá nasc faoi leith ag na téamaí a roghnaíodh leis na heachtraí a tharla céad bliain ó shin ar fud oileán na hÉireann.

## 2. Ceannteidil ghinearálta an chomórtais

An Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Scoil na Staire i gColáiste na hOllscoile Corcaigh na hurraitheoirí ar chomórtas stair na hÉireann 'Deich mBliana na gCuimhneachán' do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna. Faigheann sé tacaíocht freisin ón iris History Ireland.

I mbliana, iarrtar tionscadail faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Tabhair faoi deara gur féidir téama ar bhonn áitiúil/réigiúnda a thabhairt isteach i ngach catagóir:

- **Réabhlóid in Éirinn** – staidéar ar eachtra pholaitiúil/réabhlóideach sa tréimhse 1912-1922, ar ghné faoi leith den eachtra, nó ar dhuine/ghrúpa/eagraíocht a bhí bainteach leis an eachtra. Mar is amhlaidh leis na catagóirí eile, is féidir téama ar bhonn áitiúil/réigiúnda a thabhairt isteach.
- **Éire agus an Chéad Chogadh Domhanda** – staidéar ar thaithí na hÉireann ar an gcogadh ó thaobh duine nó grúpa de. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin díriú ar chath áirithe, ar scéal rannpháirtí faoi leith, nó breithniú ar an tréimhse 1914-1918 ar fad.
- **Stair na mban in Éirinn i rith thréimhse na réabhlóide in Éirinn** – staidéar ar dhuine/ghrúpa/eagraíocht/ghluaiseacht áirithe a rinne iarracht mhór feabhas a chur ar chaighdeán saoil na mban nó a bhí páirteach i ngníomhaíocht réabhlóideach in Éirinn sa tréimhse 1912-1922
- **Cogadh na Saoirse** - staidéar ar eachtra pholaitiúil/réabhlóideach sa tréimhse 1919-1921, ar ghné faoi leith den eachtra, nó ar dhuine/ghrúpa/eagraíocht a bhí bainteach leis an eachtra.

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 2193 | cap@education.gov.ie
www.education.ie

Is ceart do gach iontráil díriú go príomha ar an tréimhse 1912-1922, nó ar chuid di. Tá an comórtas oscailte do gach bunscoil agus iarbhunscoil. Féadfaidh rang, grúpa mac léinn nó mac léinn amháin an tionscadal a chur isteach. Beidh mionsonraí iomlána, chomh maith le bileog chumhdaigh an teimpléid do thionscadail, ar fáil le híoslódáil ag www.education.ie/historycompetition. Dé hAoine, 23 Márta 2018 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais agus bronnfar duaiseanna i mBealtaine na bliana sin. Tá freagraí ar chuid de na ceisteanna praiticiúla is coitianta ar fáil ar Scoilnet (www.scoilnet.ie) go luath i 2020.

Tá an comórtas staire seo do scoileanna beartaithe cur leis an gcuraclam staire ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Féadtar go gcuideoidh sé leis an staidéar ar an stair a thacú agus a chur chun cinn i measc daltaí. Tá an comórtas go hiomlán roghnach agus níl sé beartaithe ualach breise a chur ar scoileanna, ar mhúinteoirí ná ar mhic léinn.

## 3. Critéir

2,000 focal an líon focal is airde do thionscadail ag an leibhéal bunscoile (i.e. tionscadail arna gcur isteach ag rang, grúpa daltaí nó dalta aonair) agus 4,000 focal ag an leibhéal iarbhunscoile (i.e. tionscadail arna gcur isteach ag rang, grúpa mac léinn nó mac léinn aonair). Is féidir na tionscadail a chur isteach i mBéarla nó i nGaeilge.

Ní mór gach tionscadal a chur isteach mar dhoiciméad Word. Ní féidir glacadh le cuir i láthair PowerPoint. Déanfar moltóireacht ar thionscadail faoi na critéir seo a leanas:

- Tuiscint ar an duine, eachtra nó forbairt a roghnaíodh: An méid a scrúdaítear agus a thuigtear suntas agus tionchar na heachtra/na n-eachtraí nó an duine ar an stair áitiúil nó náisiúnta.
- Cur i láthair: is ceart do chur i láthair foriomlán an tionscadail a bheith ciallmhar agus cruinn agus ardchaighdeán litearthachta a bheith ag baint leis. Cé nach bhfuil sé éigeantach acmhainní ilmheán, mar shampla pictiúir, a bheith mar chuid den tionscadal, d'fhéadfadh siad feabhas a chur ar chur i láthair foriomlán an tionscadail. Ní chuirfear acmhainní den sórt seo san áireamh i líon focal an tionscadail.
- Taighde: an méid taighde is léir é sa tionscadal. Is féidir téacsleabhair scoile a úsáid mar thúsphointe don tionscadal ach ní mór foinsí eile a chur leo, mar shampla leabhair, seanchas áitiúil agus foinsí príomhúla mar Ráitis Finnéithe. D'fhéadfaí doiciméid phríomhúla a ionchorprú sa tionscadal nuair is féidir d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht an tionscadail. (Ba cheart a bheith cúramach nach gcóipeáiltear pasáistí fada as téacsleabhair nó as foinsí eile, foinsí ar líne ina measc, agus iad a chur isteach sa tionscadal staire).
- Cáilíocht Fhoriomlán: an méid a dtéann an tionscadal i bhfeidhm ar shamhlaíocht an léitheora.

Cé nach bhfuil sé riachtanach, d'fhéadfadh tagairtí do réimsí eile an churaclaim atá iomchuí don ábhar a roghnaíodh a bheith chun leasa an tionscadail. Mar shampla, d'fhéadfaí leas a bhaint as tagairtí d'ealaíon, dráma, filíocht nó litearthacht na tréimhse chun saibhreas a chur le tionscadal staire.

Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh na foinsí stairiúla ar a mbunaítear an tionscadal a lua. Aon tionscadail a dhéanann bradaíl (cóipeáil go díreach) ar fhoinsí, lena n-

áirítear foinsí ar líne, ní mheasfar iad a bheith bailí chun an comórtas a bhuachan. Ní mór leabharliosta a bheith ag deireadh gach tionscadail a thugann liosta de na foinsí príomhúla agus tánaisteacha a ndeachthas ina gcomhairle. Níl an leabharliosta mar chuid den líon focal.

Painéal de thriúr faoi chathaoirleacht Scoil na Staire i gColáiste na hOllscoile Corcaigh a dhéanfaidh measúnú ar na tionscadail. Ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna a bheidh sna daoine eile ar an bpainéal.

## 4. Duaiseanna

Naoi nduais ar fad a bhronnfar. Roghnófar ceithre bhuaiteoir bunscoile agus ceithre bhuaiteoir iarbhunscoile. Bronnfar duais sa bhreis a thionscadail Idirbhliana. Beidh an stádas céanna ag gach duais agus ní bheidh aon phríomhbhuaiteoir ann. Is tábhachtach freisin a thabhairt ar aird gurb iad na tionscadail a mheasfar ar na tionscadail is fearr a roghnófar mar bhuaiteoirí. Ní bheidh na moltóirí teoranta do dhuais a bhronnadh faoi gach ceann de na ceannteidil a tugadh i gCuid 2 den doiciméad seo. Ar ndóigh, is cinneadh críochnaitheach cinneadh na moltóirí agus tá an ceart ar cosaint ag na moltóirí gach duais a bhronnadh sa chás nach mbeidh cáilíocht sách ard ag na hiontrálacha a chuirfear isteach.

Seo a leanas na duaiseanna:

- bronnfar corn staire ar gach buaiteoir
- bronnfar dearbháin leabhar ar luach €100 ar gach buaiteoir
- déanfar gach iontráil a bhuafaidh duais a dhigitiú ar www.scoilnet.ie agus ar láithreán gréasáin Scoil na Staire i gColáiste na hOllscoile Corcaigh
- breithneofar ceann de na buaiteoirí le foilsiú in eagrán Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2020 de *History Ireland* agus gheobhaidh sé síntiús bliana leis an iris.

## 5. Naisc le comórtais, scrúduithe agus tionscadail eile

Ba cheart a thabhairt ar aird nár chóir smaoineamh ar chomórtas staire do scoileanna a bhuachan mar tháscaire ar fheidhmíocht dhóchúil aon mhic léinn nó aon ghrúpa mac léinn i scrúdú stáit nó i gcomórtas ar bith eile.

D'fhéadfadh gur mhian le mac léinn nó grúpa mac léinn an t-ábhar a fuair siad le linn a gcuid taighde a úsáid do chomórtas nó tionscadal áitiúil, nó do thionscnamh ar shinsearacht nó stair bhéil. Mar shampla, d'fhéadfadh ionaid oideachais comórtais i staidéir stairiúla áitiúla a reáchtáil. Sa chás sin, agus sa chás go mbaineann iontráil ar chomórtas den sórt sin le ceann de na ceannteidil agus leis na paraiméadair dátaí (1912-22) den chomórtas 'Deich mBliana na gCuimhneachán' seo chomh maith, níl deacracht ar bith leis an tionscadal a iontráil i níos mó ná tionscadal amháin.

## 7. Tionscadail a chur isteach agus buaiteoirí a fhógairt

An **20 Márta 2020** an dáta deiridh a nglacfar le tionscadail chomhlánaithe. Fógrófar na buaiteoirí agus bronnfar na duaiseanna roimh dheireadh Bhealtaine 2020.

Ní mór tionscadail a chur isteach ar líne chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: historycompetition@ucc.ie. **Ní mór** bileog chumhdaigh a bheith ag tús gach tionscadail (tá bileog chumhdaigh don teimpléad ag gabháil leis an litir seo agus tá sí

ar fáil freisin le híoslódáil ag www.education.ie/historycompetition), chomh maith le leabharliosta a thugann liosta de na foinsí a ndeachthas ina gcomhairle.

**8. Ceisteanna**

Is féidir faisnéis agus foirmeacha iarratais a íoslódáil nó a fháil ar na bealaí thuasluaite i.e. láithreán gréasáin na Roinne, ar Scoilnet nó ag ionaid oideachais. Féadtar ceisteanna a bhaineann leis an gcomórtas a chur chuig historycompetition@ucc.ie. Ar mhaithe le cothroime, áfach, ní dhéanfar aon chomhfhreagras maidir leis an bhfiúntas a d'fhéadfadh a bheith ag aon smaointe nó ábhar i dtionscadal ar bith, ag am ar bith.

**9. Scaipeadh**

Cuir an litir seo faoi bhráid do phríomhoide, múinteoirí staire agus baill de bhord bainistíochta na scoile, le do thoil.

Evelyn O'Connor

**Evelyn O'Connor**

**An tAonad Polasaí Curaclaim agus Measúnachta**
**An Roinn Oideachas agus Scileanna,**
**Sráid Mhaoilbhríde,**
**Baile Átha Cliath 1**

# Aguisín A: Foinsí féideartha don tionscadal uile-oileáin staire

Tá réimse foinsí ar fáil le cuidiú le scoileanna taighde a dhéanamh ar thréimhse 1912-1922. Is túsphointe úsáideach taighde iad na foinsí eolais atá liostaithe thíos.

## Scoilnet

www.scoilnet.ie Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a mhaoiníonn an suíomh gréasáin seo agus is í an tSeirbhís Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) a chuireann ar fáil é. Cuirtear ar fáil air breis agus 3,100 acmhainní digiteacha atá nasctha le curaclaim staire le haghaidh bunscoileanna agus iarbhunscoileanna chomh maith le rochtain cheadúnaithe laistigh den scoil chuig Cartlann Nuachtán na hÉireann agus Cartlann Dhigiteach an Irish Times www.scoilnet.ie/scoilnet/tools-for-teachers/

## Leabharlanna poiblí áitiúla

Tugann gach leabharlann phoiblí ar fud oileán na hÉireann deis teacht ar réimse d'fhoinsí tánaisteacha a thacaíonn le curaclam na staire. Tá catalóg ar líne ag gach leabharlann áitiúil ar féidir leabhair ábhartha, beathaisnéisí san áireamh, a chuardach ann. Tá rochtain freisin i ngach leabharlann ar Chartlann Nuachtán an Irish Times. Aimsigh do leabharlann áitiúil agus na seirbhísí a sholáthraítear iontu anseo: https://www.librariesireland.ie/

## Cartlann Nuachtán na hÉireann

Acmhainn thar a bheith luachmhar is ea Cartlann Nuachtán na hÉireann le haghaidh mionstaidéir ar tréimhse na réabhlóide.https://archive.irishnewsarchive.com

## Dictionary of Irish Biography

https://dib.cambridge.org/: Tá an *Dictionary of Irish Biography* ar an suíomh seo , an foclóir beathaisnéise is cuimsithí agus is údarásaí a foilsíodh riamh maidir le hÉirinn. Tá mionsonraí beathaisnéise ann ar bhreis agus 10,000 duine, lena n-áirítear ailt ar dhaoine a raibh gairmréim thábhachtach acu sa pholaitíocht, sa dlí, sa reiligiún, sa litríocht, san iriseoireacht, san ailtireacht, sna healaíona, sna heolaíochtaí agus sa spórt. Tá rochtain ar an DIB le fáil saor in aisce ar líne ag scoileanna, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## An Chartlann Mhíleata

www.militaryarchives.ie Molta go hard. Fianaise agus cuntais na gceannairí a tháinig slán, na hiarshaighdiúirí agus na hóglaigh a ghlac páirt in imeachtaí Éirí Amach 1916 agus ina dhiaidh, suas go dtí 1923, chomh maith lena lán cáipéisíocht eile a ghabhann leo a bailíodh ó na rannpháirtithe trí chnuasach ar leith an Military Service (1916-23) Pensions Collection. (www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection). Tá rochtain san acmhainn seo ar thuairiscí maidir le gníomhaíochtaí briogáidí http://www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/military-service-pensions-collection-1916-1923/brigade-activities/ . Acmhainn thar a bheith luachmhar freisin is ea Biúró na Staire Míleata agus tá sé ar fáil ó shuíomh na cartlainne míleata. http://www.militaryarchives.ie/collections/online-collections/bureau-of-military-history-1913-1921. Is féidir leat rochtain a fháil ar bhailiúchán irisí, ar ghailéaraithe d'íomhánna, srl.

## Litreacha ó 1916

http://letters1916.maynoothuniversity.ie/learn/ Áirítear le tionscadal The Letters of 1916/ Litreacha 1916, litreacha atá i seilbh ag forais (in Éirinn agus thar lear), chomh maith leo siúd atá i gcnuasaigh phríobháideacha. Go dtí seo, tá breis agus 1,800 litir bailithe ina bhfuil trácht ar Éirí Amach na Cásca, ar litríocht agus ealaín, ar an gCogadh Mór, ar pholaitíocht, ar chúrsaí gnó agus ar an ngnáthshaol.

## 100 Objects

www.100objects.ie acmhainní ar líne do bhunscoileanna bunaithe ar nithe roghnaithe as 'A history of Ireland in 100 objects'.

## Músaeim Náisiúnta, Tuaisceart Éireann (National Museums Northern Ireland)

www.nmni.com Suíomh Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann ar a bhfuil naisc chuig Iarsmalann Uladh, Daon-Iarsmalann agus Iarsmalann Iompair Uladh agus Daon-Pháirc Uladh Mheiriceá, a bhfuil an iomad íomhánna, doiciméad agus eolais acu uile. Tá roinnt foinsí staire ag Iarsmalann Uladh lena n-áirítear rannóg faoi leith ina bpléitear le heachtraí a thit amach idir 1912-1922. Áirítear leis seo rogha iontach d'íomhánna ón tréimhse.

## An Chartlann Náisiúnta

www.nationalarchives.ie Tá roinnt acmhainní digitithe a bhaineann le stair nua-aoiseach na hÉireann ar fáil ar shuíomh na Cartlainne Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Tá taispeántas ar líne a bhaineann le Conradh Angla-Éireannach 1921 ar fáil air chomh maith. Tá rochtain saor in aisce ar an suíomh freisin ar dhaonáireamh 1911. Lena chois sin, tá ráitis na bhfinnéithe ann ón Bureau of Military History do thréimhse 1912 go 1922.

## Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

www.nli.ie Tá treoir le fáil ar shuíomh gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann do dhaltaí iar-bhunscoile ar an mbealach le húsáid a bhaint as an iomad acmhainní atá ar fáil sa leabharlann. Lena chois sin, tá cás-staidéir ar líne de Fhrithdhúnadh 1913 ar fáil, agus taispeántas ar líne a bhaineann le 1916.

## Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann

https://www.nidirect.gov.uk/proni Tairgeann Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann réimse d'acmhainní a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ag daltaí. Ina measc seo tá bunachar sonraí inchuardaithe de Chonradh agus Cúnant Sollúnta Uladh.

## Coimisiún Uaigheanna Cogaidh Chomhlathas na Breataine

http://www.cwgc.org/ Cuireann suíomh gréasáin Choimisiún Uaigheanna Cogaidh Chomhlathas na Breataine roinnt acmhainní ar fáil ar imeachtaí an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Cuireann sé ar fáil fosta bunachar sonraí inchuardaithe de shaighdiúirí a fuair bás agus iad ag troid in Arm na Breataine.

## BBC History

- http://www.bbc.co.uk/history/events/ulster_covenant: Cuireann suíomh idirlín BBC ar fáil roinnt acmhainní staire. Go háirithe, tá cuntas an-inléite air de Chonradh agus Cúnant Uladh agus eolas ar an gcúlra agus ar imeachtaí eile a bhí ag titim amach ag an am sin.

- www.bbc.co.uk/history/british/easterrising/ Is suíomh ar leith é seo ar imeachtaí, croí-phearsana agus tionchar Éirí Amach 1916 agus áirítear leis agallaimh le finnéithe agus le staraithe.

## RTÉ

https://www.rte.ie/centuryireland/ : is suíomh é a dtacaíonn an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta leis agus ina soláthraítear réimhse d'acmhainní chun tacú le staidéar ar an tréimhse 1912-1922.

## An Suíomh 'Deich mBliana na gCuimhneachán'

Tá suíomh ag 'Deich mBliana na gCuimhneachán' atá tiomanta don chlár cuimhneachán a bhaineann le heachtraí suntasacha a thit amach i stair na hÉireann agus a tharla idir 1912 agus 1922. Faigheann sé tacaíocht ó An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Century Ireland agus History Ireland.

- http://www.decadeofcentenaries.com/launch-of-new-ucd-online-exhibition-the-finest-men-alive-documents-of-imprisonment-protest-1916-17/ Forbartha ag UCD Archives agus tacaithe ag an Irish Research Council, ar line anseo tá doiciméad a scríobh príosúnaigh in Éirinn agus sa Bhreatain i 1916-17.

- Is féidir teacht ar thuilleadh nascanna chun staidéar a dhéanamh ar "The Deich mBliana na gCuimhneachán" ag: https://www.decadeofcentenaries.com/links/

**Aguisín B:**

**Teimpléad den bhileog chumhdaigh a chaithfidh a bheith ar thosach gach tionscadail**

**Teideal an tionscadail:**

**An Chatagóir ar mian leat iarratas a chur isteach uirthi (.i. Réabhlóid in Éirinn, Chéad Chogaidh Dhomhanda, Stair na mBan nó Cúrsaí áitiúla/réigiúnacha**

**Ainm(neacha) an ranga / an ghrúpa daltaí / an dalta aonair atá ag cur isteach an tionscadail**

**Uimhir rolla Scoile (ba chóir í seo a thabhairt más féidir)**

**Saghas scoile (bunscoil nó meánscoil):**

**Seoladh agus ainm na scoile (ní mór é seo a thabhairt fiú i gcás tionscadail curtha isteach ag grúpa daltaí nó ag dalta aonair):**

**Ainm mhúinteoir an ranga (ní mór é seo a thabhairt fiú i gcás tionscadail curtha isteach ag grúpa daltaí nó dalta aonair):**

**Uimhir theagmhála fóin - múinteoir:**

**Seoladh teagmhála ríomhphoist- múinteoir:**